

I dTreo Ríomhaireachta Lán-Ghaeilge

Kevin Scannell
Ollscoil Saint Louis
31 Deireadh Fómhair 2012


Gaeilge ar an ríomhaire

- Ré Órga don Ghaeilge ar an ríomhaire
- Formhór mo shaoil ar líne trí mheán na G.
- Na feidhmchláir a úsáidim, roghanna agus teachtaireachtaí go léir as Gaeilge
- Agus níos fearr, an t-ábhar a fheicim trí na meáin shóisialta
- “Tá sé go deas biachlár a bheith agam i mo theanga, ach cad faoin bhia?”

Buíochas!

- Séamus Ó Ciardhuáin, Seanán Ó Coistín, Iarla Mac Aodha Bhuí, Marion Gunn, Mícheál Ó Meachair, Panu Höglund, Peadar Ó Gúilín, Sean V. Kelley, Gabriel Beecham, Sean Burke, Pat Folan, Alastair McKinstry, Brian Ó Broin, Justin McCubbin, Ciarán Ó Súilleabháin
- Agus go leor daoine eile ag aistriú suíomhanna IdirIín cosúil le Facebook

Firefox



Beathaisnéisín

Is Meiriceánach mé, rugadh i mBostún, Massachusetts ar 11 Bealtaine 1970. Éireannaigh ab ea mo sheantuismitheoirí ar an dá thaobh, agus dá bharr sin bhí cultúr na hÉireann an-tábhachtach i measc mo mhuintire nuair a bhí mé óg (cé nár fhoghlaim mé ach cúpla focal Gaeilge go dtí go raibh mé níos sine).

Rinne mé staidéar ar mhatamaitic in Institiúid Teicneolaíochta Massachusetts (MIT), áit a mbronnadh BS orm sa bhliain 1991. Tar éis sin fuair mé céim dhochtúireachta ó ollscoil California, Los Angeles (i matamaitic chomh maith).

Is ollamh le matamaitic agus ríomheolaíocht mé in ollscoil Saint Louis, Missouri ó 1998. Roimhe sin, bhí post iardhochtúireachta agam in ollscoil Rice in Houston, Texas ar feadh cúpla bliain.

Cé go raibh mé sáite sa mhatamaitic, bhí suim agam sa Ghaeilge i gcónaí, agus go luath sa bhliain 2000 chinn mé ar iarracht a dhéanamh bunuirlisí ríomhaireachta a fhorbairt don Ghaeilge. Ba chaitheamh aimsire é ag an am sin, ach is post lánaimseartha é anois!

Ní hÍ an Ghaeilge an teanga amháin a bhfuilim ag obair uirthi - tá acmhainní cosúil leis na cinn thuasluaite á bhforbairt agam ar son mionteangacha ar fud an domhain, go háirithe na teangacha Ceilteacha eile, teangacha Bantúcha san Afraic agus teangacha Polainéiseacha (nascanna ar mo leathanach [Béarla](#)). Creidim go láidir gur féidir an-tairbhe a bhaint as an teicneolaíocht agus as an nGréasán le mionteangacha a chosaint agus a chur chun cinn - agus seo é bunús m'óibre go léir.

Tá mé pósta agus tá beirt pháistí agam, Madeleine Cáit (rugadh 1999) agus Caoimhín Beag (rugadh 2001).



OpenOffice/LibreOffice

The screenshot displays the LibreOffice Impress application window. The title bar shows 'LibreOffice Comhad Eagar Amharc Ionsáigh Formáid Uirlisí Taispeántas Sleamhnán Fuinneog Cabhair'. The main window title is 'anroth.odp - LibreOffice Impress'. The interface includes a menu bar, a toolbar, and a slide navigation pane on the left. The slide content features a large title 'OpenOffice/LibreOffice' and a central screenshot of the same application window. The right-hand side contains a 'Tasks' pane with a grid of slide thumbnails. The bottom status bar shows 'Mapa Giotáin roghnaithe', '0.25 / 1.60', '10.52 x 6.3', 'Sleamhnán 4 / 35 Réamhshocrú', and '49%'.

LibreOffice Comhad Eagar Amharc Ionsáigh Formáid Uirlisí Taispeántas Sleamhnán Fuinneog Cabhair

anroth.odp - LibreOffice Impress

Réamhst 0%

Sleamhnáin

Gnáth Imlíne Nótaí Dáileán Sórtálaí Sleamhnán

3 Firefox

4 OpenOffice/LibreOffice

5 Microsoft

• Cosas mór le gach leagan nua

• Níl Mairé a chéim dráma go mbíodh Gaeilge ar

• Níl i gceol

Tasks Amharc

▶ Máistirleathanaigh

▶ Leaganacha Amach


▶ Dearadh Tábla

▶ Beochan Shaincheaptha

▶ Trasdul Sleamhnán

Mapa Giotáin roghnaithe 0.25 / 1.60 10.52 x 6.3 Sleamhnán 4 / 35 Réamhshocrú 49%

Thunderbird



TuxPaint



Scrabble3D

Scrabble3D Comhad Cluiche Cumraíocht Eolas

Scrabble3D

Amharc 2T

Kevin

Á 1 G 2 R 1 TH 3 DH 4 T 2 L 1

eolas

- 12:36:29 Chuir Caoimh??n ANBHÁS ag K14y agus fuair 14 pointe
- 12:35:37 Chuir Kevin CHLÉ ag J9x agus fuair 6 pointe
- 12:35:05 Chuir Caoimh??n DÚR ag M12y agus fuair 5 pointe
- 12:34:14 Chuir Kevin AMADÁN ag L9x agus fuair 16 pointe
- 12:33:43 Chuir Caoimh??n SÍLIM ag I10y agus fuair 8 pointe
- 12:33:14 Chuir Kevin TOST ag H8x agus fuair 12 pointe
- 12:32:22 tosaíodh cluiche nua
- 12:31:51 tosaíodh an cluiche
- 12:31:49 foclóir irish.dic á luchtú
- 12:31:47 Scrabble3D-darwin.pkg á íosluchtú...
- 12:31:42 irish.lang á íosluchtú...
- 12:31:38 Checking for updates...

Teachtairachtáí | Stair an Chluiche | Scór

Kubuntu

- Ubuntu Linux (córas oibriúcháin)
- KDE (bainisteoir fuinneog + feidhmchláir)
- Brabhsálaí, clár oifige laistigh de KDE
- Agus, bainisteoir ceoil, cluichí, clár comhrá: níos mó ná 1000 feidhmchlár!
- Saor ó chostas agus foinse (bunchód) oscailte

Microsoft

- Microsoft Office as Gaeilge
- Windows 8 le teacht go luath
- MS Outlook ar líne ar fáil anois freisin
- Aistriúcháin ghairmiúla, den chéad scoth
- Ach, tá go leor Béarla ann fós
- Argóintí eile ina aghaidh i gceann nóiméid!

Foramharc: Nascanna.com

- Acmhainn an-úsáideach, le Dúrud
- Nascanna le bogearraí Gaeilge
- Eagraithe de réir réimse agus ardáin
- Treoracha d'úsáideoirí
- Eolas faoi na haistriúcháin!

An sprioc atá againn

- Ríomhaire Lán-Ghaeilge
- Réimse leathan feidhmchlár
- Brabhsálaí, clár oifige, cluichí, cumarsáid, ...
- Suímh Idirlín (meáin shóisialta, ríomhphost, ...)
- Saor in aisce!

Dul chun cinn

- Firefox, 100% ó leagan 0.8 i 2004
- OpenOffice/LibreOffice, 100% ó 2005
- Kubuntu, bunchóras 100%
- Feidhmchláir KDE, ~70%
- Níos mó ná 2.5 milliún focal aistrithe againn, gan pingin rua a chaitheamh, obair dheonach ar fad
- Facebook, ~80%
- Twitter, ar feadh cúpla seachtain anuas, ~30%

Saor agus Gaelach!

- Cén fáth foinse oscailte?
- Saor ó chostas: neart airgid ag dul siar go Redmond agus Cupertino
- Níos lú fadhbanna go minic
- Is le pobal na Gaeilge na haistriúcháin go brách
- Ní gá cead a fháil ó na mórchomhlachtaí, agus ní féidir leo “an pluga a tharraingt”
- Pobal na Gaeilge i gceannas ar a saol ar líne

An dúshlán is mó atá romhainn

- “Bogearraí mar sheirbhís”
- Gmail vs. Thunderbird/Outlook, Google Docs vs. OpenOffice/MS Office, FB, Twitter
- Mórchomhlachtaí (difriúla) i gceannas anois, foinse oscailte ar an imeall
- Tuiscint acu go mbeidh úsáideoirí sásta na seirbhísí a aistriú; obair dheonach
- “An bhfuil cead againn a dhuine uasail?”

Cad é an réiteach?

- Ár suíomhanna féin a chruthú? (Abair Leat)
- Brú a chur ar na mórchomhlachtaí
- D'éirigh linn i gcás Twitter!
- Cad faoi GMail, nó an chéad rud mór eile?
- Agus cad faoi na teangacha mionlaigh eile nach raibh ádh nó cumhacht nó duine ar an taobh istigh acu?

Greasemonkey

- Tá réiteach teicniúil againn darb ainm “Greasemonkey”
- Ba le Neskia Manuel, nach maireann, an smaoineamh seo, do Secwepemctsin
- Is féidir aistriúchán a dhéanamh ar shuíomh Idirlín, i do bhrabhsálaí, gan cead ón suíomh
- 40+ aistriúchán nua ar Facebook, go hiomlán neamhspleách ar Facebook féin!

Gaeilge na hAlban



Facebook in Scottish Gaelic

★★★★★ (0) | [Social & Communication](#) | [from Kevin Scannell](#) | 10 users

+ ADD TO CHROME



OVERVIEW

DETAILS

REVIEWS

RELATED

+1 0

facebook



Lorg daoine, àitichean is rudan



Kevin Scannell

3 uairean a thìde air ais · ❄

Cén téarma atá agaibh i nGaeilge na hAlban ar "screenshot"?

'S toil · Beachd · Unfollow Post



Michael Bauer glacadh-sgrìn

12 mhionaid air ais · 'S toil



Sgrìobh beachd...

Translate Facebook into Scottish Gaelic

Fàilte gu Facebook 'nad chànan-sa!

Puing no dhà mus dèid sinn air adhart:

- * Cuiridh seo Gàidhlig air cuid dhen làrach, chan ann an làrach air fad. Dìreach na teachdaireachdan as cumanta.
- * Feumaidh tu English (US) a thaghadh mar chànan ann am Facebook mus obraich e, air neo bi e tro chèile a thaobh rudan mar Favourites seach Favorites.

Ma tha duilgheadas sam bith agad leis, gheibh thu taic air an duilleag aig Akerbeltz air Facebook (<http://www.facebook.com/pages/Akerbeltz/181413708548877>) air no san earrann software air Fòram na Gàidhlig (<http://www.foramnagaidhlig.net/forum/index.php>)

Agus ma chì thu fear a-riamh air a bheil Kevin Scannell, dèan beic ris, is esan draoidh a' phrògram seo!

Manainnis



Facebook in Manx Gaelic

★★★★★ (0)

[Social & Communication](#)

[from Kevin Scannell](#)

3 users

+ ADD TO CHROME



OVERVIEW

DETAILS

REVIEWS

RELATED

+1 0

facebook

Shir son sleih, buill as reddyn



Kevin, screeu baght er ...



Adrian Cain

First Manx Language Film Production

<http://www.manx.net/tv/mt-tv/watch/6389/first-manx-language-production>



First Manx Language Production | MT TV | ior news on demand manx.net

www.manx.net

Solace in Wicca, the Islands First Manx Language based on the true events of 1617 when a mother

S'mie lhiam shoh · Cur baght er · Follow Post · Rheyyn · 23 Jern ec 3:45am faggys da Douglas, Isle Of Man

S'mie lesh 7 persoanyn shoh.

Jeeagh er ny 3 baghtyn ooilley



Adrian Cain Fair point: first film to cost a lot of moneul

Translate Facebook into Manx Gaelic

This is a Greasemonkey script that translates the Facebook interface into Manx Gaelic. It's not a full translation of the site, but aims to deal with the most common things you see on screen when using Facebook. You must have your Facebook language set to "English (US)" under Account Settings for the script to work properly.

Thanks to Chris Sheard and Adrian Cain for their help with the translation.

Briotáinis



Facebook in Breton

★★★★★ (0)

[Social & Communication](#)

from [Kevin Scannell](#)

4 users

+ ADD TO CHROME



OVERVIEW

DETAILS

REVIEWS

RELATED



facebook



Klask tud, lec'hioù pe traoù



Album: 0/0

Gwelet an droidigezh

Plijus · Poz · Kenrannañ · 53 103 · e-tro un eurvezh zo ·



Dan Ar Wern

Evit ar Brezhoneg !



Pétition : Nous soutenons l'école Diwan de Louannec

www.mesopinions.com

Droits de l'homme - Signez la pétition : Nous soutenons l'école Diwan de Louannec

Plijus · Poz · Kenrannañ · 2 eurvezh zo ·

Plijout a ra da 6 den



Kevin, skrivañ un tamm poz

Translate Facebook into Breton

This is a Greasemonkey script that translates the Facebook interface into Breton. It's not a full translation of the site, but aims to deal with the most common things you see on screen when using Facebook. You must have your Facebook language set to "Français (France)" under Account Settings for the script to work properly.

Thanks to Fulup Jakez for his work on the translation.

Maorais

- <http://borel.slu.edu/pub/maori.m4v>

Uirlisí Eile

- Sprioc: bheith ar comhchéim le teangacha eile
- Seiceálaí litrithe agus gramadaí
- Uirlisí d'aistritheoirí
- Foclóirí, teasáras san áireamh
- Téacs-go-caint, caint-go-téacs
- Ní mise amháin atá ag obair ar na rudaí seo!
- E. Uí Dhonnchadha, A. Ní Chasaide, MBM


Is Capaillín Aonchleasa mé



Cainéil Thorannacha

- Dearcadh aontaithe ar fhadhbanna éagsúla
- Téacs ba mhaith leat léamh, ach faraor bhí sé curtha as a chuma trí “chainéal torannach”
- Caithfidh tú an t-aschur a “athchóiriú” nó “díchódú” chun an buntéacs a léamh
- Tabharfaidh mé sé shampla daoibh, leis an mbuntéacs “Tá Gaeilge bhreá líofa aige”


Cainéal an Fhoghlameora



Cainéal an Fhoghlameora

- → “Ta Ghaegle breá liofa aige”
- Sa chás seo, céard atá i ndíchódóir?
- Litreoir + seiceálaí gramadaí

Cainéal an Duinnínigh



Cainéal an Duinnínigh

- → “Tá Gaedhilge breaghda líomhtha aige”
- Sa chás seo, céard atá i ndíchódóir?
- “Caighdeánaitheoir”
- Nó, mo leasainm air: “Leadránaitheoir”
- In úsáid ag Foclóir Nua Béarla-Gaeilge, agus Acadamh Ríoga na hÉireann don fhoclóir stairiúil

Cainéal an Chiarraígh



Cainéal an Chiarraígh

- → “Tá Gaoluinn bhreá líofa aige”
- Sa chás seo, céard atá i ndíchódóir?
- Caighdeánaitheoir de chineál eile
- Leadránaitheoir agus cinnte!
- Ní mholfainn caighdeánú den chineál seo a chur os comhair léitheoir, ach tá sé úsáideach don “innéacsú” i mbunachar sonraí

Cainéal an Scanóra



Cainéal an Scanóra

- → “Tcí Gaellge bhteá hofa aige”
- Sa chás seo, céard atá i ndíchódóir?
- Ceartaitheoir OCR
- Tionscadal fadbhunaithe agam OCR a dhéanamh ar an seanchló

Cainéal an Chainteora



Cainéal an Chainteora

- → tonn fuaim!
- Sa chás seo, céard atá i ndíchódóir?
- Córas caint-go-téacs (.i. trascríobh uathoibríoch)
- Abair.ie = téacs-go-caint, an treo eile

Cainéal an Bhéarla



Cainéal an Bhéarla

- → “He speaks nice fluent Irish”
- (is dearcadh greannmhar ar an mBéarla é seo – is éard atá ann ná Gaeilge, ionchódaithe ar bhealach craiceáilte!)
- Sa chás seo, céard atá i ndíchódóir?
- Córas ríomhaistriúcháin Béarla→Gaeilge
- Úsáideann Google Translate cur chuige den chineál seo

Díchódú

- Dearcadh staitisticiúil
- I measc na n-abairtí go léir a thabharfadh an t-aschur a chonaic tú, cad é an ceann *is dóchúla*?
- Dhá shamhail staitisticiúil
- Samhail an chainéil (difriúil i ngach cás thuas)
- Samhail teanga don Ghaeilge (is ionann i ngach cás)

Samhail an Chainéil

- Foghlaimeoir: cad iad na botúin is coitianta
- An Duinníneach: na hathruithe litrithe is coitianta (bhth→f , aighim→aím, srl.)
- An Ciarraíoch: leaganacha canúna is coitianta
- Scanóir: earráidí OCR (rn↔m, ó↔6, srl.)
- Caint: tonnta fuaime ↔ focail Ghaeilge
- Béarla: dóchúlacht ar fhocal Béarla a bheith ina aistriúchán ar fhocal Ghaeilge (frásaí i ndáiríre)

Samhail Teanga

- Cad é an focal is dóchúla tar éis frása áirithe?
- Tá an tsamhail seo i do cheann mar chainteoir Gaeilge!
- Is féidir an dá shamhail seo a úsáid chun an díchódú is dóchúla a aimsiú i gcónaí

Cluiche, I

- ar chor ar _____
- bith, 99.79%
- bhith, < 0.1%
- both, < 0.1%
- bit, < 0.1%
- bioth, < 0.1%

Cluiche, II

- Baile Átha _____
- Cliath, 96.39%
- Luain, 1.23%
- an (Rí), 0.52%
- Troim, 0.42%
- Cliathach, 0.28%
- 46 ar fad!

Cluiche, III

- Dé _____
- hAoine, 14.61% (“Aoine”, 0.18%)
- Domhnaigh, 11.72% (“Domhnach”, 0.08%)
- Sathairn, 11.41% (“Satharn”, 0.31%)
- Luain, 8.97% (“Luan”, 0.08%)
- Máirt, 7.64% (“Mháirt”, 0.08%)
- Céadaoin, 7.26% (“Céadaoine”, 0.11%)

Cluiche, IV

- Tuatha Dé _____
- Danann, 95.65%
- dheis Dé _____
- go, 89.92%
- eagla Dé _____
- air,ar,ort,orm,... 68.89%

Cad faoi an ríomhaire?

- Is féidir na staitisticí seo *a fhoghlaim*
- Bailím téacsanna Gaeilge
- Leathanaigh Ghréasáin (ón rialtas, blaganna, srl.)
- Liostaí ríomhphoist
- Tweetanna!
- Leabhair: scanadh agus OCR
- Ina iomláine... 200 *milliún* focal (go dtí seo)

Na clocha is mó ar mo phaidrínse

- Cumann Ríomhaireachta a bhunú (le Dúrud)
- Córas kubuntu aistrithe, 100%
- É a scaipeadh saor in aisce i ngach gaelscoil
- Cluichí!
- Uirlisí aistriúcháin atá níos fearr ná Google
- Caint-go-téacs?
- Córas oibriúcháin shoghluaiste?
- 7000 teanga eile